CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1319 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2022

lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag an bhFrainc de bhun Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm forálacha áirithe a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STI) chun athchumrú a dhéanamh ar rothstoc atá ann cheana go 19 dtraein dhoscartha TGV P-DUPLEX

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 5150)

(Is ag an téacs sa Fhraincis a bheidh an t – údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 7(4) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2021, chuir an Fhrainc iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797, maidir le neamhchur i bhfeidhm forálacha áirithe a leagtar síos sna sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht ("STI") san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún ([2]) ("STI LOC&PAS"), sna STInna a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún ([3]) ("STI PRM") agus sa STI a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún ([4]) ("STI NOI"), ar thionscadal uasghrádúcháin ar rothstoc maidir le 19 dtraein dhoscartha a dearadh chun oibriú ar ghréasán iarnróid na Fraince.

(2) Cuireadh an iarraidh isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797, eadhon easpa inmharthanachta eacnamaíoch an tionscadail agus uasghrádú á dhéanamh ar na traenacha lena mbaineann.

(3) Baineann an iarraidh le 19 dtraein dhoscartha a athchruthú ar scaradh a n-innill lena gcóistí nuair a táirgeadh iad in 2006. Mar gheall ar an éileamh ar an margadh ag an am sin, bhí innill fhéinghluaiste na dtraenacha sin á n-oibriú, agus tá siad fós á n-oibriú faoi láthair, mar chomh-cheangal de chineál cóiste "Réseau 1N" agus bhí cóistí na dtraenacha sin á n-oibriú mar chomh-cheangal de chineál innill féinghluaiste "Réseau".

(4) Sa lá atá ann inniu, tá na traenacha sin gar dá stad cothabhála leathré. Tá idirghabháil chothabhála beartaithe chun a áirithiú go n-oibreoidh siad go sábháilte go ceann 16 bliana eile. Beartaítear leis an idirghabháil chothabhála go gcuirfear le chéile arís na hinnill fhéinghluaiste bunaidh agus na cóistí bunaidh. Beidh céim oibre an uasghrádaithe ar siúl idir 2022 agus 2025 tar éis do na chéad traenacha dul isteach sna ceardlanna i mí Feabhra 2022. Is é an sprioc atá ann an t-údarú cineáil a fháil le haghaidh na 19 dtraein dhoscartha a chumhdaítear leis an uasghrádú faoi mhí na Nollag 2023. Ina dhiaidh sin, tabharfar údaruithe maidir le cineál-chomhréireacht gach cineáil traenach.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras "rothstoc — innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (IO L 356, 12.12.2014, lch. 110).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras "rothstoc – torann" lena leasaítear Cinneadh 2008/232/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/229/AE (IO L 356, 12.12.2014, lch. 421).

(5) Tá an straitéis údaraithe don phróiseas athchumraithe bunaithe ar údarú "nua", mar mhalairt den chineál TGV Duplex, a údaraíodh cheana féin. Faoi na coinníollacha sin, ní gá ach na codanna modhnaithe de na cóistí a thabhairt i gcomhréir leis an STI. Níl na hinnill fhéinghluaiste faoi réir aon athraithe, ach meastar gur eilimintí nua iad den chineál Duplex TGV agus meastar mar "chéad" údarú a n-údarú lena n-éilítear go dtaispeánfar go gcomhlíonann siad go hiomlán na STIanna LOC&PAS, NOI agus PRM atá ann faoi láthair.

(6) Comhlíonann innill fhéinghluaiste agus cóistí na 19 dtraein dhoscartha atá faoi réir uasghrádaithe agus athchumraithe na caighdeáin agus na STInna is infheidhme tráth a dtáirgthe. Ó 2006 i leith, bhí na STInna ábhartha faoi réir ceanglais forbartha agus feabhsaithe. Iarrtar an neamhchur i bhfeidhm ós rud é, i gcás ina gcuirtear na STIanna atá ann faoi láthair i bhfeidhm ar thraenacha atá ann cheana féin, go mbeadh costais shuntasacha bhreise uasghrádaithe agus athchumraithe i gceist leo, chomh maith le moill mhór chun na traenacha a thabhairt ar ais i mbun oibríochtaí.

(7) Thairis sin, le cur i bhfeidhm phointí 4.2.3.1, 4.2.8.2.6, 4.2.10.4.4, 4.2.3.3.2, 4.2.3.7 agus 4.2.8.2.9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, phointí 4.2.1, 4.2.2, agus 4.2.3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 agus phointe 4.2.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014, chuirfí de cheangal ar an soláthróir mórstaidéir i ndáil le forbairt a dhéanamh, acmhainní a leithdháileadh agus costas ábhar breise a ghearradh lena gcaithfí amhras ar inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail, i bhfianaise go mbeadh méadú níos mó ná 60 % ar chostas measta an tionscadail in aghaidh an aonaid.

(8) Ní féidir an costas breise a sheasamh leis na 19 dtraein dhoscartha gan ábharthacht eacnamaíoch agus inmharthanacht an tionscadail uasghrádaithe agus athchumraithe a cheistiú.

(9) I gcreat an tionscadail, áiritheofar go gcomhlíonfar forálacha eile na STInna atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an soilsiú inmheánach, an t-ardán inmheánach agus spásanna paisinéirí, fuinneoga tosaigh, lampaí agus lampaí rialaithe, cúpláin éigeandála, feistí rabhaidh inchloiste, comharthaíocht inmheánach, picteagraim agus faisnéis thadhlach agus gineadóir fuaime an chábáin a mhodhnú i gcomhréir le pointí 4.2.9.1.8, 4.2.9.2.1, 4.2.7.1.1 go 4.2.7.1.4, 4.2.7.2.1 agus 4.2.2.7.2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 agus pointe 4.2.2.4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014.

(10) Áiritheofar leis an tionscadal freisin go gcomhlíonfaidh na 19 dtraein dhoscartha Rialachán (AE) 2016/919 ([5]) ón gCoimisiún go hiomlán, lena n-áirítear uasghrádú go Bonnlíne 3 ERTMS.

(11) Mura nglacfar leis an iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm, tá baol ann go ndéanfar difear don acmhainn iompair i réimse na húsáide a bhainfear as na 19 dtraein dhoscartha amach anseo agus go ndéanfaidh sé sin dochar do phaisinéirí iarnróid. Chuirfí moill thart ar 3 bliana ar an tionscadal. Dá gcuirfí stad leis an tionscadal, d'fhéadfaí na traenacha a chur i leataobh, rud a dhéanfadh difear do bhunanna tráchtála an oibreora in 2023, le linn théarnamh iar-COVID-19 earnáil an iarnróid. Meastar go mbeidh an caillteanas ioncaim sin níos mó ná 100 milliún Euro ag an oibreoir.

(12) Le linn an 93ú cruinniú dá chuid, roinn ionadaithe na Fraince faisnéis maidir leis an iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm le comhaltaí an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797.

(13) Maolaítear aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar shábháilteacht neamhchur I bhfeidhm forálacha áirithe de chuid na STIanna LOC&PAS, NOI agus PRM toisc gur léirigh na 19 dtraein dhoscartha athchumraithe go gcomhlíonann siad na ceanglais sábháilteachta ar leith a bhí infheidhme tráth a n-údaraithe bunaidh in 2006 agus go raibh siad á n-oibriú go sábháilte ó shin.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais "um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht" an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1).

(14) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur cheart a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1)(c) agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i gcás innill agus chóistí na 19 dtraein dhoscartha lena mbaineann. Dá bhrí sin, an iarraidh a rinne an Fhrainc maidir le neamhchur i bhfeidhm phointí 4.2.3.1, 4.2.8.2.6, 4.2.10.4.4, 4.2.3.3.2, 4.2.3.7 agus 4.2.8.2.9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, phointí 4.2.1, 4.2.2 agus 4.2.3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014 agus phointe 4.2.2.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014, agus neamhchur i bhfeidhm na bpointí sin á mhaolú trí na forálacha a bhí i bhfeidhm tráth a n-údaraithe bunaidh a chur i bhfeidhm mar fhorálacha malartacha, ba cheart glacadh léi.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis an iarraidh ón bhFrainc gan na forálacha a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STI) a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, le Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2014, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a chur i bhfeidhm ar na 19 dtraein dhoscartha TGV P-Duplex athchumraithe ina bhfuil na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Liostaítear in Iarscríbhinn I na forálacha atá faoi réir na hiarrata ar neamhchur i bhfeidhm dá dtagraítear sa chéad mhír, mar aon leis an forálacha malartacha a chuirfear i bhfeidhm.

Is í an Fhrainc an limistéar ina n-úsáidfear na feithiclí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Liostaítear sa tábla seo a leanas na forálacha a chumhdaítear le hAirteagal 1 nach gá a chur i bhfeidhm agus na forálacha a chuirfear i bhfeidhm ina n-ionad.

Ní chuirtear an foráil maidir le TSI i bhfeidhm	Cuirtear foráil mhalartach i bhfeidhm
TSI LOC&PAS 4.2.3.1 — tomhsaireacht	Le haghaidh inneall: bileoga faisnéise UIC 505-1 agus 506 Le haghaidh cóistí: EN 15273-2 (mí na Samhna 2017), Cinneadh 2008/232/CE ón gCoimisiúin (TSI HS RST a aisghairm), Cinneadh 2011/291/AE ón gCoimisiúin (TSI LOC&PAC a aisghairm)
TSI LOC&PAS 4.2.8.2.6 — fachtóir cumhachta	Tagairt deimhniú fíorúcháin CE: 0942/6/SH2/2007/RST/FR-EN/ECA1178AD0048
TSI LOC&PAS 4.2.10.4.4 — acmhainn reatha	Caighdeán na Fraince NF F16-103
TSI LOC&PAS 4.2.3.3.2 — monatóireacht ar bhail imthaca acastóra	Sonraíocht na Fraince SAMI D 001
STI LOC&PAS 4.2.3.7. — gardaí tarrthála	Ordú na Fraince “arrêté MR” an 5 Meitheamh 2000 § 2.2.1
STI LOC&PAS 4.2.8.2.9 — ceanglais atá nasctha le pantagraf	Cinneadh 2002/735/CE ón gCoimisiún (STI HS RST a aisghairm), Ordú na Fraince “arrêté MR” an 5 Meitheamh 2000 § 3.2.1, bileog eolais de chuid Aontas Idirnáisiúnta na nIarnród 608
STI NOI 4.2.1. — teorainneacha maidir le torann cónaitheach	Cinneadh 2002/735/CE ón gCoimisiún (STI HS RST a aisghairm)
STI NOI 4.2.2. — teorainneacha maidir le torann dúisithe	
STI NOI 4.2.3. — teorainneacha maidir leis an torann a dhéantar ag dul thar bráid	
STI PRM 4.2.2.1. — suíocháin	Cinneadh 2008/164/CE ón gCoimisiún (STI HS PRM a aisghairm)

IARSCRÍBHINN II

Liostaítear sna táblaí seo a leanas Uimhreacha Eorpacha Feithicle (EVN mar a shainítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún) na n-inneall agus na gcóistí a chumhdaítear le hAirteagal 1 atá le hathchumrú ina dtraenacha doscartha TGV P-DUPLEX.

Tá ordú na rónna sna táblaí gan dochar do na péirí "innill + cóistí" atá le cruthú.

D'fheadfadh EVNanna na n-inneall agus na gcóistí athrú tar éis na hathchumraíochta.

Tábla 2.1

Innill

Inneall 1	Inneall 2
93870384001-8	93870384002-6
93870384003-4	93870384004-2
93870384007-5	93870384008-3
93870384009-1	93870384010-9
93870384011-7	93870384012-5
93870384013-3	93870384014-1
93870384015-8	93870384016-6
93870384017-4	93870384018-2
93870384019-0	93870384020-8
93870384021-6	93870384022-4
93870384023-2	93870384024-0
93870384025-7	93870384026-5
93870384027-3	93870384028-1
93870384005-9	93870384006-7
93870384029-9	93870384030-7
93870384031-5	93870384032-3
93870384033-1	93870384034-9
93870384035-6	93870384036-4
93870384037-2	93870384038-0

Tábla 2.2

Cóistí

Cóiste 1	Cóiste 2	Cóiste 3	Cóiste 4	Cóiste 5	Cóiste 6	Cóiste 7	Cóiste 8
93870291601-7	93870292601-6	93870293601-5	93870294601-4	93870295601-3	93870296601-2	93870297601-1	93870298601-0
93870291602-5	93870292602-4	93870293602-3	93870294602-2	93870295602-1	93870296602-0	93870297602-9	93870298602-8
93870291604-1	93870292604-0	93870293604-9	93870294604-8	93870295604-7	93870296604-6	93870297604-5	93870298604-4
93870291605-8	93870292605-7	93870293605-6	93870294605-5	93870295605-4	93870296605-3	93870297605-2	93870298605-1
93870291606-6	93870292606-5	93870293606-4	93870294606-3	93870295606-2	93870296606-1	93870297606-0	93870298606-9
93870291607-4	93870292607-3	93870293607-2	93870294607-1	93870295607-0	93870296607-9	93870297607-8	93870298607-7
93870291608-2	93870292608-1	93870293608-0	93870294608-9	93870295608-8	93870296608-7	93870297608-6	93870298608-5
93870291609-0	93870292609-9	93870293609-8	93870294609-7	93870295609-6	93870296609-5	93870297609-4	93870298609-3
93870291610-8	93870292610-7	93870293610-6	93870294610-5	93870295610-4	93870296610-3	93870297610-2	93870298610-1
93870291611-6	93870292611-5	93870293611-4	93870294611-3	93870295611-2	93870296611-1	93870297611-0	93870298611-9
93870291612-4	93870292612-3	93870293612-2	93870294612-1	93870295612-0	93870296612-9	93870297612-8	93870298612-7
93870291616-5	93870292616-4	93870293616-3	93870294616-2	93870295616-1	93870296616-0	93870297616-9	93870298616-8
93870291617-3	93870292617-2	93870293617-1	93870294617-0	93870295617-9	93870296617-8	93870297617-7	93870298617-6
93870291603-3	93870292603-2	93870293603-1	93870294603-0	93870295603-9	93870296603-8	93870297603-7	93870298603-6
93870291619-9	93870292619-8	93870293619-7	93870294619-6	93870295619-5	93870296619-4	93870297619-3	93870298619-2
93870291613-2	93870292613-1	93870293613-0	93870294613-9	93870295613-8	93870296613-7	93870297613-6	93870298613-5
93870291614-0	93870292614-9	93870293614-8	93870294614-7	93870295614-6	93870296614-5	93870297614-4	93870298614-3
93870291615-7	93870292615-6	93870293615-5	93870294615-4	93870295615-3	93870296615-2	93870297615-1	93870298615-0
93870291618-1	93870292618-0	93870293618-9	93870294618-8	93870295618-7	93870296618-6	93870297618-5	93870298618-4